Leathanach clúdaigh don tuarascáil ar dhul chun cinn do Choiste Geopháirc Domhanda UNESCO

Dréacht-tuarascáil a cuireadh isteach chuig IUGGC i mí Mheán Fómhair

Príomhchéim i dtreo stádas UNESCO

Faoin tráth seo, beidh cuimhne ag roinnt mhaith agaibh ar phríomhchuspóir Geopháirce chun cead a fháil le haghaidh stádas Geopháirce in 2025. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, caithfear fianaise a chur ar fáil i dtuarascáil gur chuireamar i bhfeidhm seacht moladh a rinne Comhairle Geopháirce Domhanda UNESCO ina litir iarratais iarchurtha den 22 Bealtaine 2024. Tá ríméad orainn a thuairisciú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart i gcónaí sa phróiseas ó thaobh ama de. Cuireadh dréacht-tuarascáil ar dhul chun cinn isteach chuig Coiste Geopháirce Domhanda UNESCO ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Cuirfidh an IUGGC aiseolas ar fáil ar an dréacht faoi mhí na Nollag. Tá roinnt príomhrudaí a chaithfear a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh leis sin sna míonna atá le teacht, agus san áireamh leo sin tá, déanamh agus cur isteach comharthaí tarraingteacha le haghaidh naoi ngeoshuíomh, comharthaí bóthair agus comharthaí pobail i gContae na Gaillimhe, mar aon le plaiceanna do chomhpháirtithe gnó. Táimid ag déanamh machnamh faoi láthair ar phointí eolais eile chun an Gheopháirc a chur chun cinn. Agus teastaíonn obair leanúnach chun bonn maoinithe níos láidre a baint amach. Tá sé riachtanach go bhfuil tacaíocht agus rannpháirtíocht láidir leanúnach againn ó na páirtithe leasmhara.

Coinnigh suas chun dáta tríd an suíomh gréasáin geopháirce www.joycecountrygeoparkproject.ie agus na meáin shóisialta / facebook, X agus Instagram @JCWLGeopark

Michael Hegarty (Geopháirc DSLI) agus Suellen McKenna (Mainistir Bhaile an Tobair) ag síniú an chomhaontaithe comhpháirtíochta gnó

Gnólachtaí líonra atá cláraithe don Gheopháirc

Tá comhpháirtithe aontaithe ag an gcéad ghrúpa

Tá ríméad orainn a thuairisciú gur shínigh an chéad dosaen de ghnólachtaí áitiúla comhaontaithe comhpháirtíochta indibhidiúla le bheith mar bhaill de líonra gnó Geopháirc DSLI. Níl i gceist leis sin ach figiúr tosaigh de ghnólachtaí agus táimid ag súil gur as sin a eascróidh grúpa níos mó de ghnólachtaí a bhainfidh tairbhe as aithne níos fearr a chur ar an nGeopháirc mar cheann scríbe, rud a spreagfaidh gnólachtaí áitiúla chun comhoibriú le chéile (comhroinnt eolais), a chuirfidh oidhreacht áitiúil chun cinn chomh maith leis an nGaeilge agus a chuirfidh i bhfeidhm/a fheabhsóidh cleachtais inbhuanaithe. Díreach le cur i gcuimhne duit, san áireamh leis an suíomh gréasáin Geopháirce tá liostú ann ina bhfuil os cionn 100 gnólacht áitiúil. Más mian le gnólacht a bheith ina 'bhall den líonra' déanaimid measúnú simplí ar an ngnólacht agus ar a chleachtais mar aon le 20 critéar: tá trí cinn acu sin riachtanach agus tá 17 eile ann, caithfear 12 acu sin a chomhlíonadh le haghaidh ionchuimsitheachta (is ionann an scór íosmhéid iomlán agus 15 as 20). Mar sin, táimid ag dul tríd an liostú gnólachtaí chun cruinnithe gearra a eagrú ar bhonn pearsanta chun dul trí na critéir agus chun bileog measúnaithe a chomhlánú. Má bhaintear pas amach, síneoidh an dá pháirtí an comhaontú comhpháirtíochta a mhairfidh dhá bhliain.

Socrófar an iontráil deiridh isteach sa líonra Gnólachtaí Geopháirce JCWL sa chruinniú sin. Cuirfear plaic bheag tharraingteach ar fáil do na comhpháirtithe le cur ar taispeáint agus an líonra á mhéadú.

Painéal eolais faofa don Fhairche



Painéal eolais faofa do Loch Ceara

Comharthaíocht gheoshuímh d'ardchaighdeán le teacht

Comharthaí tarraingteacha arna dtacú ag Fáilte Éireann

Tar éis dúinn dul i gcomhairle leis na pobail ábhartha Gheopháirce, críochnaíodh an leagan amach a bheidh ann do na painéil a bheith lonnaithe ag na naoi bpríomh-gheoshuíomh de chuid Geopháirce. Táimid buíoch de

thacaíocht Fáilte Éireann as an Dédhearadh le haghaidh obair ar an ábhair. Cuirfear tús le déanamh le bpainéal mar chuid de phróiseas soláthair phoiblí, agus cuirfear isteach iad níos déanaí i mbliana nó go luath in 2025. Dhá shampla den leagan amach is ea an dá íomhá thuas le aghaidh na limistéar An Fhairche (Contae na Gaillimhe) agus Loch Ceara (Contae Mhaigh Eo). San áireamh le gach painéal tá téacs Gaeilge agus Béarla, léarscáil suímh, amscála geolaíoch, cód MF agus nasc suímh idirlín chuig tuilleadh eolais agus íomhánna iontacha. Tá an t-ábhar dírithe ar shuim a spreagadh ó mhuintir na háite agus ó chuairteoirí araon.

Foireann Mhainistir na Coille Móire agus Benjamin Thébaudeau (Geopháirc DSLI) os comhair taispeáint nua in oifig na dticéad

Taispeántí Geopháirce ‘Lúbacha’ An Choill Mhóir agus Conga

Pleananna le aghaidh taispeántí i CDS agus in áiteanna eile

Tá taispeántí léirithe maidir le Geopháirc DSLI le feiceáil in dhá ionad cuairteoirí sa réigiún. Tá ceann acu in ionad eolais Chonga i gcroílár sráidbhaile gnóthaí, díreach os comhair dhealbh an fhir chiúin de John Wayne agus de Maureen O’Hara. Tá an ceann eile suite san ionad cuairteoirí/in oifig na dticéad ag Mainistir na Coille Móire i gContae na Gaillimhe, áit a bhfuil an-stair ag baint leis. San áireamh leis na taispeántí móra ‘taispeántí lúbacha’ (2.3m x 3.4m), tá dhá chur síos (ceann i mBéarla agus ceann i nGaeilge) ar a bhfuil i gceist leis na Geopháirceanna Domhanda UNESCO agus ar an gcaoi a gcuireann siad le forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus shóisialta. Chomh maith leis sin, tá eolas ar fáil ann faoi gheo-éagsúlacht agus faoi bhithéagsúlacht i réigiún na geopháirce a bhaineann le tírdhreach agus le hoidhreacht an cheantair áitiúil. Tá ríméad ar na foirne sa dá ionad eolais de bharr na dtaispeántí nua agus de bharr chaighdeán an eolais.

Tá comhpháirtí Geopháirce i Mainistir na Coille Móire, áit a dtugann c. 600,000 duine cuairt air in aghaidh na bliana, luaitear san eolas faoin gceantar áitiúil na sléibhte faoi bhrat portaigh, luaitear san aiseolas freisin timthriall na beatha an Aigéin ársa Iaipéitis, agus tá nótaí ann faoi sheandálaíocht agus faoi stair an cheantair. Tá ionad cuairteoirí Chonga á bhainistiú ag an bpobal áitiúil (c. 35,000 cuairteoir in aghaidh na bliana), tá cur síos sa taispeántas ar na gnéithe carstacha ina léirítear an fáth nach bhfuil abhainn ann a cheanglaíonn an dá loch, Loch Measca agus Loch Coirib, mar aon le cur síos ar fhoinsí uisce Chonga, agus tá siad i measc na bhfoinsí uisce is mó ar domhan. Luaitear eolas seandálaíochta ann freisin a bhaineann leis an Ré Neoiliteach agus le ré luath na Críostaíochta, ré na nArd-Ríthe Gaelacha, leis an ionradh Angla-Normannach agus le scéal diméine Chaisleán Cheapach Corcóige. Tá an dá ionad ag dáileadh leaganacha nua de na léarscáileanna déthaobhacha a bhfuil an-tóir orthu ar sholáthraithe fáilte agus taithí sa Gheopháirc.

Tá plean againn freisin chun taispeáint den chineál céanna a chur isteach ag ósteagraíocht Gheopháirce, Comharchumann Dhúiche Sheoigheach (CDS) i gCorr na Móna. Chomh maith leis sin, fuair dhá chomhpháirtí Geopháirce – Mainistir Bhaile an Tobair lena mbaineann go leor staire agus Killary Fjord Boat Tours – fuair siad cead pleanála in 2024 chun áiseanna cuairteoirí a thógáil (tá an tógáil le tosú go luath in 2025) agus tá comhaontuithe ag Geopháirc chun taispeántí dá leithéid a chur isteach.

Marianne Shine & Joe Greaney (ar chúl ar dheis); na hionadaithe CT nua

Beirt ionadaithe pobail breise ar an gCoiste Treorach

Ainmnithe trí GeoTreallús

Ghlac beirt ionadaithe pobail breise páirt ar Choiste Treorach Geopháirce (Grúpa Stiúrtha) i samhradh na bliana 2024, ionadaí mná agus ionadaí fir. Ainmníodh an bheirt acu ag an bhFóram Phobail de chuid Geopháirce ar an 23 Meitheamh 2024, arna óstáil ag grúpa na n-ionadaithe trasphobail darb ainm GeoTreallús DSLI (JCWL GeoEnterprise). Tá Marianne Shine (sráidbhaile Ghleann Coirib, Contae Mhaigh Eo) gníomhach maidir le forbairt pobail áitiúil, agus tá oiliúint treoraí turais curtha i gcrích aige le haghaidh Chúige Chonnacht, arna maoiniú ag Geopháirc JCWL. Tá taithí ag Joe Greaney (An Éill, Contae Mhaigh Eo) maidir le forbairt phobail agus réigiúnach, is feirmeoir é, mar aon le bheith ina oifigeach oidhreachta áitiúil agus ina threoraí agus tá go leor Gaeilge aige. Leanfar ar aghaidh le hionadú an Ghrúpa Shtiúrtha go dtí deireadh na bliana 2025, agus déanfar próiseas ainmniúcháin eile ansin.

Póstaer féile scéalaíochta

Féile Scéalaíochta Stone Mad sa Gheopháirc

Díreach an rud le spreagadh le linn Oíche Shamhna

Taitníonn scéilín deas leat, an dtaitníonn? Bhuel, d'éirigh Dia leat go bhfuil scéalta go leor againn. Tá Féile na Scéalaíochta, 'Stone Mad' le tosú i nDúiche Sheoigheach agus sa cheantar Geopháirce Dúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair le linn dheireadh seachtaine Oíche Shamhna ón 25 go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2024. Óstálfaidh na hionaid i bhFionnaithe, san Éill, san Fhairche, i gConga, i mBaile an Róba agus in áiteanna eile clár imeachtaí lena gcuimsítear seánraí éagsúla d'ealaín na scéalaíochta. San áireamh leis, tá scéalaithe gairmiúla, siúlóidí staire 'siúil is labhair', ceol, scannánaíocht agus drámaíocht ... agus gheobhaidh tú é sin ar fad chomh maith le corrbhraoin tae i do ghlac agat, nó rud níos láidre seans! Rud suntasach a bhaineann leis an ócáid, ná go n-óstálfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochtaí agus glacfaidh siad páirt

iontu, gníomhaíochtaí ar nós Cró na mBan/na bhFear, Ciorcail Chomhrá, grúpaí scríbhneoireachta, bunscoileanna agus grúpaí pobail i limistéar na Geopháirce. D'eascair céadreáchtáil na féile as an gcomhpháirtíocht idir Geopháirc Dhomhanda Chuan Mhúrn Uí Chuanacháin de chuid UNESCO agus Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair. Fuair an dá Gheopháirc tacaíocht ó chiste an Oileáin Chomhroinnte ag Roinn na Gnóthaí Eachtracha, chomhoibrigh an dá Gheopháirc le chéile le roinnt blianta anuas chun cainéil úsáideacha d'eolas praiticiúil agus modhanna agus samhlacha a shocrú is féidir Geopháirc a úsáid chun díbhinn eacnamaíochta dhearfach a fhorbairt dá bpobail rannpháirteacha. Bí ag faire amach le haghaidh chláir na féile ar na meáin shóisialta @JCWLGeopark

---

Cruinniú oibre Erasmus+ sa Rómáin

Cuairteanna Erasmus+ ar Gheopháirc Buzău Land, an Rómáin

Uirlisí digiteacha le haghaidh foghlaim agus teagasc amuigh faoin aer

Le linn na chéad seachtaine i mí Mheán Fómhair, thug geolaí Geopháirce Benjamin Thébaudeau agus an bainisteoir Michael Hegarty cuairt ar Gheopháirc Dhomhanda Buzău Land de chuid UNESCO sa Rómáin mar aon le comhpháirtithe 'Tionscadail Geopháirce' eile de chuid Erasmus+. Is iomaí sliabh agus cnoc a fheicfidh tú in Buzău Land agus cuimsítear leis 1036 km2 i limistéar Sléibhte Cairp. Is críoch tuaithe é, ina gcónaíonn c. 45,000 duine in 18 gcathair bhardais (169 sráidbhaile), agus tá an chuid is mó acu le chéile ar thalamh íseal nó i línte i ngleannta, agus tá cuid eile acu scaipthe ar fhánaí nó ar ardchláir arda. Tá na bolcáin láibe is mó san Eoraip le fáil in Buzău Land, tá, mar aon le lasracha síoraí (foinsí gáis nádúrtha), foinsí peitriliam, coincréitiú gaineamhchloiche agus gnéithe geolaíocha eile. Briseann cruinneacháin salainn dromchla na moirfeolaíochta carstaí casta. Tá cuid de na uaimheanna salainn is faide agus is doimhne ar domhan le fáil anseo. Is cuid thábhachtach de gheilleagar Buzău Land í turasóireacht inbhuanaithe.

Tá acmhainn dhigiteach á forbairt ag Tionscadal Geoshuímh le haghaidh teagasc agus foghlaim amuigh faoin aer sna ceithre gheopháirc comhpháirtí agus tá treoirlíne ginearálta á bhforbairt acu freisin le haghaidh oideachas faoin aer. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh faoi láthair ina leith sin, agus tá suíomh

gréasáin á fhorbairt faoi láthair agus tá anailísiú le déanamh ar na dréacht-acmhainní ag an gcéad chruinniú oibre eile san Iodáil i mí Aibreáin 2025 agus tástálfaidh na múinteoirí áitiúla agus na ceithre gheopháirc comhpháirtí iad ina dhiaidh sin.

Benjamin Thébaudeau (Geopháirc DSLI) i láthair ag comhdháil EGN san Íoslainn

Rinne DSLI ionadaíocht ar chomhdháil EGN san Íoslainn

Freastalaíonn os cionn 300 duine ó gheopháirceanna na hEorpa

Reáchtáladh comhdháil dhébhliantúil Líonra na nGeopháirceanna Eorpacha (EGN) i mbaile Keflavik ar leithinis Rekjaenes i nGeopháirc Dhomhanda UNESCO (UGG) san Íoslainn. Is imeacht tábhachtach é seo chun teacht le chéile agus chun smaointe agus eolas a chomhroinnt agus le os cionn 300 cuairteoir ó UGGanna na hEorpa agus ó geopháirceanna atá ag déanamh iarracht le bheith ina UGGanna. Rinne geolaí DSLI Benjamin Thébaudeaul agus bainisteoir turasóireachta Údarás na Gaeltachta Meadbh Seoighe ionadaíocht ar ár nGeopháirc, agus thug Benjamin dhá chur i láthair: ceann ar thionscadal leanúnach Erasmus+ ar son na gcomhpháirtithe ar fad agus ceann eile ar an tionscadal maoinithe dar teideal 'Shared Island Civic' i gcomhpháirtíocht le Geopháirc Dhomhanda Chuan Mhúrn Uí Chuanacháin de chuid UNESCO. D'fhreastail riar mhaith daoine ar an ócáid le héisteacht lena raibh le rá ag an dá chur i láthair agus cuireadh suim mhór iontu. Cuimsíodh leis an gcomhdháil turas allamuigh roghnach timpeall na Geopháirce áitiúil ar an lá deiridh. Stopadh ar an mbealach chun cuairt a thabhairt ar fhoinsí teo agus ar shreafaí laibhe a bhí ann le gairid, lena n-áirítear baile Grindavik, áit nach bhfuil duine ná deoraí ina chónaí ann níos mó, agus cuireadh rochtain ar fáil ar an áit ionas go bhféadfadh an dream a bhí ag freastal ar an gcomhdháil dul ann.

Seó bóthair Geopháirc i dTeach Cúirte Uachtar Ard agus in oifig phoist Bhaile an Róba

D'éirigh go maith le taispeántais taistil Sheachtain na hOidhreachta

Cuairteanna ar an gCárán Uachtarach, ar Áth Cinn agus ar Bhaile an Róba

Ní baileach go raibh daoine ag scréachaíl ó bharr na dtithe, ach chuaigh Geopháirc DSLI chun bóthair i mí Lúnasa le linn Sheachtain na hOidhreachta chun an smaoineamh maidir lenár gGeopháirc sna trí bhaile sa cheantar a chur chun cinn. B'iontach an deis a bhí ann don Gheopháirc chun eolas a chur ar fáil agus gaisce a dhéanamh go fiú maidir leis an oidhreacht gheolaíoch agus chultúrtha a bhaineann leis an gcuid álainn seo de limistéar Iar-Thuairscirt Chontae na Gaillimhe agus Iar-Dheisceart Chontae Mhaigh Eo. Agus chun muintir na háite agus cuairteoirí a thabhairt suas chun dáta maidir le dul chun cinn i dtreo stádas Geopháirce Domhanda UNESCO.

Stop siad an chéad uair ag an tsaoráid phobail iontach 'Teach na Cúirte' in Uachtar Aird. Tharraing an t-imeacht sruth leanúnach cuairteoirí de gach

aoisghrúpa, daoine de bhunú na háite den chuid is mó, ach thug cuid acu cuairt ar an áit ón gceantar máguaird agus níos faide i gcéin. Stop siad an dara huair ar an taobh oirthearach de Loch Coirib agus fuair siad na múrtha fáilte i dteach a bhfuil cáil air as cóisirí na bpoc darb ainm The Anglers Rest in Áth Cinn. Stop siad an uair dheiridh ag an gceann scríbe sa charrchlós do SuperValu agus d'Oifig an Phoist i mBaile an Róba.

Reáchtáil Geolaí Geopháirce Benjamin Thébaudeau plé neamhfhoirmeálta ag na trí ionad, agus bhí riar mhaith cloch, léarscáileanna agus bileoigíní aige a bhí an-spéisiúil, agus an rud is tábhachtaí ná go raibh eolas an-suimiúil aige agus scéala faoin gcaoi ar múnlaíodh ár dtírdhreacha le 700 milliún bliain anuas. Agus bhí eolas aige faoin gcaoi ar mhúnlaigh na próisis ghaeolaíocha agus idirghníomhaíocht dhaonna réigiún na geopháirce draíochtaí d'achar timpeall 1500 km2. Is é príomhchuspóir na camchuairte ná chun teagmháil a dhéanamh do mhuintir na háite agus do chuairteoirí agus eolas a chur ar fáil dóibh faoin a bhfuil i gceist le Geopháirc agus faoin gcaoi ar féidir le Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair cuidiú le 20 pobal agus a n-oidhreacht áitiúil a fhorbairt, gnólachtaí agus poist áitiúla a fhorbairt agus seirbhísí áitiúla a chothú agus a mhéadú.

Scoil Samhraidh Bithéagsúlachta ar chladach Loch Pholl na gCapall ag Mainistir na Coille Móire

Scoil Samhraidh Bithéagsúlachta Green Sod sa Choill Mhóir

Oibriú i gcomhpháirtíocht le hIonad Domhanda Ollscoil Notre Dame

Is gné thábhachtach dár nGeopháirc í aire mhaith a thabhairt don timpeallacht nádúrtha. Nuair is ábhartha agus nuair is cuí, comhoibrímid le heagraíochtaí in

imeachtaí agus i dtionscnaimh ag a bhfuil aidhmeanna comhchosúla. Ar an gcaoi seo tá comhpháirtíocht mhéadaithe le hIonad Domhanda de chuid Ollscoil Notre Dame ag Mainistir na Coille Móire ar fhorbairt pobail lena n-áirítear an timpeallacht. Le linn an deireadh seachtaine deiridh de mhí Lúnasa, d'óstáil Ollscoil Notre Dame Scoil Samhraidh na Bithéagsúlachta arna heagrú ag Green Sod Ireland. Oibríonn an eagraíocht le pobail áitiúla, spreagann sí feasacht ar thairbhí sláinte, oideachais, sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta a bhaineann le haire a thabhairt don talamh agus dá bhithéagsúlacht. Thug an t-imeacht líonraithe roinnt eagraíochtaí, tionscadal, gnólachtaí agus an pobal le chéile a dhíríonn ar chosaint na bithéagsúlachta agus ar fheabhsúchán i gConamara, i ndeisceart Mhaigh Eo agus i nDúiche Sheoigheach. San áireamh leis na daoine a labhair ann bhí; Dr Terry Morely (Ollscoil na Gaillimhe), Mary McAndrew (ACRES Iarthar Chonnacht), éiceolaí Marie Louise Heffernan (Bailte Slachtmhara Leitir Fraic), Eamon McLoughlan (oifigeach caomhantais NPWS), John Lusby (Birdwatch Ireland), David Rafter (LAWPro), Margaret Flaherty (Dark Sky Ireland), Jess Williams (Hometree), agus POF Fhóram Chonemara Karen Mannion. San áireamh leis an imeacht bhí ceardlann maidir le gníomhaíocht a chumasú ar bhithéagsúlacht arna reáchtáil ag geolaí Geopháirce Benjamin Thébaudeau, siúil is labhair le hoifigeach bithéagsúlachta Mhainistir na Coille Móire Inez Streefkerk, agus taispeántas an tsáibh shlabhraigh maidir le dea-chleachtas chun smacht a choinneáil ar an ródaideandrón fiáin. Taispeántas dúlra fótagrafaíochta le Tina Claffey mar aon le léamh filíochta le Jane Robinson á chur ar fáil mar dheonachán iontach ó na healaíona chun an bhithéagsúlacht a chosaint.

Clare Glanville (GSI) sa thaispeántas tionscadail deontais Geoheritage

Taispeántas Tionscadal Deontais Geo-Oidhreachta @ GSI/DECC

‘An t-am a caitheadh a chaomhnú – An todhchaí a Chaomhnú’

Ar bhealach chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na Geo-Éagsúlachta (an 6 Deireadh Fómhair) agus chomh maith chun ceiliúradh a dhéanamh ar gheo-éagsúlacht sa phobal, d’óstáil Clár Geo-Oidhreachta de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann imeacht ag oifigí na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath, ar an 7 Deireadh Fómhair chun ceiliúradh a dhéanamh ar gheo-oidhreacht na hÉireann. Taispeánadh tionscadail timpeall na tíre ar an lá céanna, tionscadail arna maoiniú ag deontais geo-oidhreachta bhliantúla de chuid an SGÉ le blianta beaga anuas. Thug na hionadaithe tionscadail, nuashonruithe ghearra, neamhfhoirmeálta faoi thionscadail, faoi bhoird léirmhínitheacha agus faoi obair eile a rinne siad chun rochtain ar gheolaíocht agus ar gheo-oidhreacht a chur ar fáil don phobal. Chuir Geopháirc DSLI, na trí Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO in Éirinn, agus grúpaí agus eagraíochtaí eile a fuair maoiniú, chuir siad nuashonruithe gearra in iúl maidir le táirgí, boird léirmhínitheacha agus maidir le hobair eile a rinne siad ionas go mbeadh fáil phoiblí ar gheolaíocht agus ar gheo-oidhreacht. Bhí limistéar seastán ag gach tionscadal chun a gcuid oibre a thaispeáint. Bhí líonrú bríomhar ann, chomh maith le comhroinnt smaointe, díograis agus roinnt samplaí de gheo-oidhreacht sa phobal ag tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an NA (SDGanna).

Clúdach na hirise Terre Sauvage eagrán Deireadh Fómhair 2024

Terre Sauvage – Ár dTailte Fiáine ... i ndath trom

Gné chlúdaigh iontach san irisleabhar Fraincise a léitear go forleathan

Bhí Conamara agus an gheolaíocht dá bhfuil inti ann mar scéal clúdaigh d'irisleabhar turasóireachta eachtraíochta Fraincise a léitear go fairsing dar teideal *Terre Sauvage* (Tailte Fiáine i nGaeilge), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Léirítear san alt codanna de Gheopháirc DSLI agus cuimsítear leis cuid iomlán faoi na clocha dá bhfuil ann gus an stair a bhaineann leis an tírdhreach a scríobhadh i gcomhar lenár ngeolaí Geopháirce Benjamin Thébaudeau. Thug an príomhúdar, ar saoririseoir agus grianghrafadóir é, cuairt ar an gceantar, fuair sé amach faoin nGeopháirc agus faoin saibhreas eolais ar an suíomh gréasáin – lena n-áirítear roinnt leathanaigh ghréasáin i bhFraincis. Rinne sé teagmháil dhíreach le foireann na Geopháirce agus is as sin a d'eascair an comhoibriú álainn irisleabhair, a chuirfidh tuilleadh comhthéacs ar fáil do go leor turasóirí Fraincise a thabharfaidh cuairt ar réigiún na Geopháirce gach bliain.

Clúdach leabhráin nua Éin Loch gCeara

Scéalta ó cheantar Loch Ceara

Tafann na dTonn: ... agus tuilleadh!

Tá Cumann Dobharcheantair Loch Ceara ag tacú le Geopháirc DSLI le fada an lá. Is grúpa iad atá thar a bheith gníomhach agus tá siad tiomanta i dtreo chaomhnú agus fheabhsú an locha marla uathúil, Loch Ceara, mar aon leis an mbeatha bheo éin, ainmhíoch agus phlandúil a chaomhnú agus a fheabhsú. Mar thionscnóir thionscadal LIFE Loch Ceara, déanann siad iarracht freisin a chinntiú go bhfuil ardchaighdeán uisce ólacháin le fáil sa loch. Fuair an LCCA maoiniú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun ceithre leabhrán eolais a chur ar fáil ar na topaicí seo: Éin Uisce, Féileacáin, Feithidí, Bláthanna Coillte. Priontáladh an chéad cheann de na leabhráin ‘Waterbirds of Lough Carra’ ina bhfuil 12 speiceas d’Éin Uisce is féidir a fheiceáil ar an loch agus sa dobharcheantar. Tá cóipeanna crua le fáil ach ríomhphost a chur chuig: info@loughcarra.org.

Ós ag caint ar leabhair, tá an grianghrafadóir Meiriceánach Ron Rostensock, agus an file Éireannach Gabriel Rosenstock ag comhoibriú le chéile chun an leabhar álainn Tafann na dTonn a tháirgeadh: Barking Waves. Loch CearaTá Ron ag dul chuig Contae Mhaigh Eo le os cionn leathchéad bliain agus gach ceann de na grianghraif sa leabhar sin, tógadh i gContae Mhaigh Eo iad lena n-áirítear i Loch Ceara. Tá Haiku (foirm véarsaíochta liriciúil Sheapánach) ag gabháil le gach grianghraf a scríobh Gabriel, agus tá sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla inti. Bhí siad sách gnaíúil chun ceann de na leathanaigh a roinnt linn ina bhfuil Loch Ceara mar aon le grianghraf den chlúdach (thuas). Dá mba mhaith leat cóip den leabhar a cheannach, tá sí ar fáil ar líne ó Wordery.

TIONSCADAL GEOPHÁIRC
Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair
JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair
Halla Thuar Mhic Éadaigh, F12D990, Tuar Mhic Éadaigh
F: (+353) 094 9000245
R: info@jcwlgeopark.ie

Seoladh an ríomhphost seo chuig {{contact.EMAIL}}
Tá sé faighte agaibh toisc gur liostáil sibh lenár liosta postála.

Amharc sa bhrabhsálaí | Díliostáil

Sent with Brevo